Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2018

COMHAONTÚ BHÓTHAR LANSDÚN

The Labour Relations Commission
An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Tom Johnson House
Haddington Road
Dublin 4
Teach Thomás Mac Seáin
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Telephone 01 613 6700
Fax 01 613 6701
E-mail: info@lrc.ie
Website: www.workplacerelations.ie
LoCall (outside 01 area): 1890 220227

29/05/2015

Léiríonn an méid atá faoi iamh toradh comhráití a d'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Léiríonn an comhaontú beartaithe síneadh le Comhaontú Bhóthar Haddington agus tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil gach nós imeachta um réiteach díospóide lena n-áirítear socruithe earnála, a fholaítear faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington fós i bhfeidhm.

Molann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais an comhaontú beartaithe faoi iamh do na páirtithe.

Kieran Mulvey Príomhfheidhmeannach | Kevin Foley Stiúrthóir | Anna Perry Stiúrthóir Roinne | Aoibheann Ní Shuilleabháin Bainisteoir Réigiúin

Commission members
Kieran Mulvey *(Chief Executive)* • Breege O'Donoghue *(Chair)* • Brendan McGinty • Peter McLoone • John Hennessy • Fergus Whelan

1. Réamhrá

1.1. I gcoinneáil le traidisiún fada agus bródúil seirbhíse don phobal agus don Stát, tá ranníocaíocht suntasach déanta ag fostaithe sa tseirbhís phoiblí le téarnamh na hÉireann. Tharla sé seo trí sheachadadh sraith fhairsing Athchóirithe sa tSeirbhís Phoiblí go ginearálta, mar aon le trí ranníocaíocht dhíreach i dtéarmaí bearta pá agus pinsin a laghdaigh bille pá agus pinsin na Seirbhíse Poiblí go suntasach.

1.2. Tá Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ina gné lárnach den fhreagra straitéiseach leis an ngéarchéim. Tá athrú anois ina chuid sheasmhach den fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí agus ina ghné lárnach den straitéis téarnaimh agus i gcomhair todhchaí inbhuanaithe.

1.3. Is é sprioc straitéiseach agus uaillmhianach Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ná Seirbhís Phoiblí a bhaint amach a mbeidh torthaí feabhsaithe inti do shaoránaigh agus do gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear gnólachtaí agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí iad féin. Mar gheall ar chúinsí buiséadta leanúnacha, mar aon le dúshláin dhéimeagrafacha shuntasacha agus éileamh níos mó ar sheirbhísí, a éileoidh seachadadh feabhsuithe leanúnacha táirgiúlachta trí oibriú ar bhealach níos cliste, nuálaíocht i ngnó agus cleachtais san ionad oibre, feabhsú san anailísiú sonraí chun seachadadh sa tseirbhís phoiblí, luas, solúbthacht agus mionathrú an tseachadta seirbhíse a athrú, ag leanúint le Seirbhís Phoiblí níos oscailte, trédhearcaí agus cuntasaí a chruthú agus ag cinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha ag an bhfoireann chun athchóiriú leanúnach a sheachadadh.

2. Fís d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

2.1. Díreach mar a bhí Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ina ghné lárnach i dtéarnamh na hÉireann, ní mór é a chothabháil sa todhchaí. Is gnáthchuid agus cuid sheasmhach den timpeallacht oibre ar fud gach comhlacht agus earnáil phoiblí atá i bhfeabhsú riaracháin agus seachadadh seirbhíse. Beidh cláir athchóirithe éagsúla i ngach earnáil mar bhonn agus taca leis seo, arna léiriú in alt 3.2 den Chomhaontú seo. Leagadh amach roinnt d'éachtaí an chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí le déanaí sa Tuarascáil um Dhul

chun Cinn maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí (Márta 2015) agus tá tuilleadh feabhsúchán pleanáilte.

2.2. Díreofar ar thorthaí feabhsaithe i dtéarmaí an chaoi a dtéann saoránaigh i ngleic le Seirbhísí Poiblí agus an taithí a bhíonn acu orthu. Sna blianta atá le teacht, beidh sé níos éasca don saoránach idirghníomhú le comhlachtaí poiblí. Is é a bheidh i gceist anseo, faisnéis agus seirbhísí a bheith níos inrochtana agus a chinntiú go mbeidh leibhéil níos mó oscailteachta agus trédhearcachta i gceist i gcinnteoireacht timpeall ar na seirbhísí sin.

2.3. Laghdófar an t-ualach riaracháin ar an saoránach mar gheall ar bhealaí seachadta feabhsaithe, solúbthacht níos mó agus comhordú agus pleanáil traseagraíochtúil bhreisithe. Norm a bheidh in úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíocht agus roinnt sonraí. Glacfar cur chuige straitéiseach, ag baint leas níos fearr as anailísiú sonraí, i leith seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh, le tacú le torthaí feabhsaithe i sláinte agus oideachas, mar aon le réimsí eile. Ní féidir rómheastachán a dhéanamh ar an idirspleáchas idir feidhmíocht na Seirbhíse Poiblí agus feidhmíocht an gheilleagair fhoriomláin; beidh Seirbhís Phoiblí nua-aimseartha, dírithe ar thorthaí ina chumasóir ríthábhachtach fáis san earnáil phríobháideach agus beidh sé mar bhonn agus taca leis an tiomáint chun iomaíochas a fheabhsú ar fud an gheilleagair.

2.4. Tabharfar isteach bealaí nua chun seirbhísí a oibriú agus a sheachadadh don phobal de réir na nósanna imeachta arna leagan amach in alt 4. Laghdófar dúbláil agus ceadófar do dhíriú láidrithe ar phríomh-saincheisteanna straitéiseacha mar gheall ar chur chuige comhroinnte i leith feidhmeanna cúloifige.

2.5. Infheisteoidh an tSeirbhís Phoiblí ina daoine chun a hacmhainn, cumas agus scileanna ceannaireachta a mhéadú agus a fhairsingiú, ionas gur féidir léi freagairt do dhúshláin amach anseo. Ag tógáil ar luachanna traidisiúnta na cothromaíochta agus an tiomantais don tSeirbhís Phoiblí, leagfar béim ar chultúr inbhuanaithe éifeachtúlachta agus éifeachtacha a chruthú. Éascóidh an tSeirbhís Phoiblí oiliúint fheabhsaithe agus forbairt leanúnach. Soláthróidh soghluaisteacht mhéadaithe de réir théarmaí an Chomhaontaithe seo agus comhtháthú breise córas agus struchtúr timpeallacht níos suimiúla agus níos dúshlánaí do ghairmeacha sa tSeirbhís Phoiblí.

3. Táirgiúlacht níos mó a sheachadadh

3.1. Comhaontaíonn na Páirtithe le síneadh a chur le Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 go dtí Meán Fómhair 2018. Athdhearbhaíonn na Páirtithe an gá le seachadadh seirbhísí poiblí freagracha agus d'ardchaighdeáin a chothú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Is gá éifeachtúlachtaí a uasmhéadú agus táirgiúlacht in úsáid acmhainní a mhéadú trí chleachtais oibre athbhreithnithe agus trí thionscnaimh eile. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun an Comhaontú seo a fhorfheidhmiú chun seachadadh seirbhísí poiblí ar bhealach cost-éifeachtúil a chinntiú mar aon le seirbhísí sármhaithe a chur ar fáil don phobal.

3.2. Aithníonn na Páirtithe gur gá rannpháirtíocht agus comhairliúchán éifeachtúil agus meicníochtaí comhthacaithe chun easaontas a réiteach chun cláir athraithe a fhorfheidhmiú fad is a bhaintear amach an cuspóir comhroinnte de sheirbhísí feabhsaithe don phobal. Déanann na páirtithe ath-thiomantas do rannpháirtíocht éifeachtúil ar fud ardán sheachadta an Rialtais dá chlár athraithe agus athchóirithe agus tuigeann siad go mbeidh gá dul i ngleic le héagsúlachtaí sa bhealach struchtúrtha agus nuair is gá déileáil leis de réir fhorálacha alt 4. Áirítear i gclár athchóirithe an Rialtais ach níl sé teoranta do Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-2016, agus:

- sa Státseirbhís – Plean Athnuachana na Státseirbhíse;
- in earnáil an Oideachais – an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna; Athchóiriú Curaclaim i Scoileanna; Athbhreithniú ar Oiliúint Phrintíseachta in Éirinn; an Straitéis Náisiúnta um Ard-Oideachas go dtí 2030; agus an Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú (2011 go 2020);
- in earnáil an Rialtais Áitiúil – an Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach – Daoine a chur chun Tosaigh; agus Clár Uisce Éireann;
- in Earnáil na Sláinte – an Creat Straitéiseach Sláinte don Todhchaí chun an tseirbhís sláinte a athchóiriú, athchóirithe struchtúrtha lena mbaineann le tacú le cúram ardchaighdeáin agus torthaí sláinte a uasmhéadú – go háirithe bunú Grúpaí Ospidéil agus Eagraíochtaí Chúram Sláinte Pobail – agus forfheidhmiú Éireann Sláintiúil, an creat náisiúnta chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú; agus
- in Earnáil an Cheartais – Athbhreithniú ar an nGarda Síochána.

3.3. Seachadfaidh an clár athchóirithe bearta leanúnacha i ngach earnáil den tSeirbhís Phoiblí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, bearta chun:

3.3.1. táirgiúlacht san ionad oibre agus caighdeán seirbhíse a mhéadú trí chleachtais oibre a fheabhsú, mar a leagtar amach i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016, lena n-áirítear trí athruithe le huainchláir, pátrúin fhreastail solúbtha chun éileamh ar sheirbhísí agus riachtanais phoiblí a shásamh, úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht lena n-áirítear ríomh-uainchláir, tuairisciú tras-srutha, oibriú foireann-bhunaithe agus meascáin scileanna a athrú;

3.3.2. obair a chomhdhlúthú agus a atheagrú de réir riachtanais eagraíochtúla, lena n-áirítear comhaontuithe leibhéal seirbhíse idir comhlachtaí poiblí;

3.3.3. seirbhísí a sheachadadh go digiteach trí na tairbhí a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise nua-aimseartha a uasmhéadú;

3.3.4. cur chuige níos comhroinnte a fhorfheidhmiú laistigh de agus ar fud earnálacha, lena n-áirítear i réimsí cosúil le soláthar poiblí, bainistiú maoine agus seirbhísí comhroinnte; agus

3.3.5. an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as múnlaí nuálacha seachadta seirbhíse a dhíríonn níos mó ar thorthaí. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe na tiomantais a tugadh i gCaibidil 1, Aguisín: Roghanna Seachadta Seirbhíse, Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus athluaite in alt 3.19 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016. Go háirithe, athdhearbhaítear an tiomantas atá in alt 1 den cháipéis sin maidir le húsáid an tsaothair dhírigh a mhéid agus is féidir, áit a bhfuil sin comhsheasmhach le seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí poiblí éifeachtúla. I gcomhthéacs na solúbthachta níos mó atá ar fáil anois chun leibhéil foirne a bhainistiú agus a chur in ord tosaíochta i ngach comhlacht sa tseirbhís phoiblí, mar fhreagra ar an éileamh ar sheirbhísí poiblí, ní mór do na Páirtithe an tiomantas seo maidir le húsáid an tsaothair dhírigh a mhéid agus is féidir a mheas. I gcás go n-ardaítear aon díospóid maidir le feidhmiú an tiomantais seo, lorgóidh na Páirtithe réiteach ar aon cheist trí chomhrá díreach. I gcás nach réitíonn sé seo an cheist, úsáidfidh na Páirtithe na

meicníochtaí um réiteach díospóide a leagtar amach in alt 4 agus 6 den Chomhaontú seo. Caithfear tabhairt faoi na próisis arna leagan amach in alt 6 den cháipéis "Roghanna Seachadta Seirbhíse" sula ndéanfar aon seachfhoinsiú ar sheirbhís reatha agus sa phróiseas meastóireachta dá dtagraítear san alt sin, ní áireofar iomláine na gcostas saothair in aon chomparáidí costais.

3.4. Ag croílár an chláir athchóirithe tá baint amach caighdeáin níos airde feidhmíochta trí bhainistiú acmhainne níos éifeachtaí agus trí chumas ár bhfórsa saothair a uasmhéadú. Chun an t-athrú seo a sheachadadh, cuirfear ar aghaidh nuachóiriú agus breisiú an chreat fostaíochta d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí, le beartais agus straitéisí a bhaineann le bainistiú fórsa saothair na Seirbhíse Poiblí ina thosaíocht don athrú. Chuige sin, aontaíonn na Páirtithe leanúint ar aghaidh ag obair laistigh de chreat Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí agus na tiomantais fhoriomlána atá ann a athdhearbhú. Ag glacadh tiomantais a thugtar i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 san áireamh, cosúil leis na tiomantais do chomhairliúchán agus rannpháirtíocht mar aon le tiomantais le réiteach díospóide, tugann na páirtithe faoi deara go bhfuil sé i gceist fostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí a nuachóiriú de réir chleachtas AD nua-aimseartha, ar na bealaí seo a leanas:

3.4.1. cinntiú go ndéantar an bainistiú is fearr agus is féidir ar ár n-acmhainní daonna, trí phleanáil fórsa saothair feabhsaithe, an cleachtas is fearr i dtaobh earcaíochta agus nósanna imeachta um ardú céime, athstruchtúrú gráid agus cuíchóiriú agus úsáid foirne i gcomhthéacs struchtúir champais nó grúpa-bhunaithe a fhorbairt;

3.4.2. cumas bainistíochta agus cuntasacht a forbairt i ngach earnáil, lena n-áirítear gach ról, feidhm agus freagracht bainistíochta agus maoirseachta a bhreisiú;

3.4.3. beartas AD suas chun dáta a fhorfheidhmiú agus é mar sprioc tacú le hionad oibre eiticiúil, lena n-áirítear beartais um bainistiú feidhmíochta, smachta, gearáin agus bulaíochta agus ciaptha;

3.4.4. soghluaisteacht níos mó laistigh de agus idir earnálacha mar chuid de ghluaiseacht i dtreo margadh post níos oscailte sa tSeirbhís Phoiblí;

3.4.5. cinntiú go n-uasmhéadaítear feidhmíocht agus cuntasacht eagraíochtaí agus daoine aonair; agus

3.4.6. cleachtais um chaidreamh fostaí san ionad oibre a nuachóiriú sa tSeirbhís Phoiblí, áit a n-aontaítear an méid sin idir na páirtithe ag leibhéal rannach, chun beartais níos éifeachtúla a sheachadadh agus chun nósanna imeachta a thabhairt cothrom leis an ngeilleagar i gcoitinne.

3.5. Leanfaidh na Páirtithe chomh maith ag comhoibriú go hiomlán le bearta athraithe agus athchóirithe arna chur ar aghaidh faoi chreat Comhaontuithe na Seirbhíse Poiblí agus de réir na socruithe ar fad arna leagan amach sna comhaontuithe sin lena n-áirítear tiomantais do chomhairliúchán agus rannpháirtíocht.

4. Meicníocht chun Easaontú a Réiteach

4.1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantais faoi alt 1.23 go halt 1.27 de Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus alt 5.1 agus 5.2 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 a chuireann iallach ar na páirtithe ar fad:

4.1.1. an tábhacht a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch cobhsaí agus timpeallacht chaidreamh tionsclaíoch dea-bhainistithe a chothabháil;

4.1.2. a chinntiú go bhfuil cainéil chumarsáide dea-fhorbartha acu;

4.1.3. iarracht a dhéanamh fadhbanna a réiteach sula ngéaraíonn sé ina dhíospóid thionsclaíoch;

4.1.4. easaontuithe a réiteach go pras nuair a ardaítear iad;

4.1.5. comhoibriú le forfheidhmiú an athraithe ar feitheamh toradh an phróisis um chaidreamh tionsclaíoch arna dhéanamh go tráthúil; agus

4.1.6. i gcás nach féidir leis na Páirtithe lena mbaineann teacht ar chomhaontú laistigh de 6 seachtaine, díospóidí ó cheachtar taobh a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus más gá, an Chúirt Oibreachais, nó sin, innealra eile a aontaítear. I gcás go mbaineann Scéim Réitigh nó Eadrána, cuirfear an cheist ar aghaidh laistigh de 6 seachtaine, chuig an innealra Réitigh faoin Scéim agus, mura réitítear é, chuig an mBord Eadrána, nó sin, chuig innealra comhaontaithe eile. Beidh an toradh ón bpróiseas chaidreamh tionsclaíoch nó eadrána ceangailteach agus críochnaitheach.

4.2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe:-

4.2.1. nach mbeidh aon éilimh i gcomhair ardú pá nó coinníollacha fostaíochta a ardóidh costais ó na ceardchumainn, ó chumainn an Gharda Síochána nó Óglaigh na hÉireann nó ó fhostaithe i rith thréimhse an Chomhaontaithe;

4.2.2. go bhfuil siad fós tiomanta do chomhréiteach tionsclaíoch a chur chun cinn; agus

4.2.3. go gcoisctear stailceanna nó cineálacha eile gníomhaíochta tionsclaíoch de chuid ceardchumainn, fostaithe nó fostóirí i ndáil le haon cheist a chlúdaítear sa Chomhaontú seo, i gcás go bhfuil fostóir, ceardchumann nó cumann foirne ag feidhmiú de réir fhorálacha an chomhaontuithe.

5. Pá

5.1. Mar aitheantas ar an ranníocaíocht a rinne gach fostaí sa tseirbhís phoiblí i dtéarmaí an tionchair leanúnaigh ar luach saothair agus téarmaí agus coinníollacha eile trí na hAchtanna um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail, tháinig na Páirtithe ar chomhaontú maidir le bearta pá sa tseirbhís phoiblí a fheabhsóidh tionchar na reachtaíochta ar luach saothair gach fostaí sa tseirbhís phoiblí. Tá sé tugtha le fios ag an Rialtas go bhfuil sé i gceist acu reachtaíocht a thabhairt chun cinn trí leasú ar na hAchtanna um Bearta Éigeandála Airgeadais reatha chun feidhm a thabhairt do bhearta pá sa tseirbhís phoiblí a comhaontaíodh idir na páirtithe leis an gComhaontú seo mar seo a leanas:

2016

- Ar an **1 Eanáir**, méadóidh an tairseach díolúine chun **Asbhaint a Bhaineann le Pinsean** (PRD) a íoc ó **€15,000** sa bhliain go dtí **€24,750** sa bhliain.

- Ar an **1 Eanáir** méadaítear tuarastail bhliantúlaithe suas go dtí **€24,000** faoi **2.5%**.

- Ar an **1 Eanáir** méadaítear tuarastail bhliantúlaithe ó **€24,001** go **€31,000** faoi **1%**.

- Ar an **1 Meán Fómhair**, méadóidh an tairseach díolúine chun **Asbhaint a Bhaineann le Pinsean** (PRD) a íoc arís ó **€24,750** sa bhliain go dtí **€28,750** sa bhliain.

2017

- Ar an **1 Meán Fómhair** méadaítear tuarastail bhliantúlaithe suas go dtí **€65,000** faoi **€1,000**.

5.2. Tugann na Páirtithe faoi deara go bhfuil sé i gceist ag an Rialtas na forálacha riachtanacha a áireamh sa reachtaíocht chun tús a chur leis an bpróiseas chun na laghduithe pá a cuireadh i bhfeidhm faoi Acht FEMPI 2013 a laghdú.

5.3. Chomhaontaigh na Páirtithe go ndéanfaidh na Páirtithe i gcomhair lena chéile athbhreithniú ar aon torthaí breithiúnais amuigh dá dtagraítear in alt 1.16 de Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 roimh éag an Chomhaontaithe seo.

5.4. Thug an Rialtas le fios chomh maith go bhfuil sé i gceist acu foráil a chur sa reachtaíocht le haghaidh tréimhse cairde comhsheasmhach le téarma an Chomhaontaithe seo ina dtabharfar neamhaird ar an laghdú i bpá agus iarchur aon dhul chun cinn incriminte a fholaítear faoin Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2013.

5.5. Tugann na Páirtithe faoi deara, d'ainneoin na bhfeabhsuithe i seasamh fioscach na tíre, leanfaidh na srianta reachtacha a cuireadh i bhfeidhm ar fhostóirí sa tseirbhís phoiblí a bheith mar chomhthéacs chun pá a chinneadh i rith shaolré an Chomhaontuithe seo. Aontaítear iad bunaithe ar an tábhacht a bhaineann le beartas um pá poiblí inbhuanaithe a bhaint amach a leanfaidh ag tacú leis an téarnamh geilleagair leanúnach sna blianta amach romhainn de réir mar a leasaítear agus a aisghairtear an reachtaíocht éigeandála. Deimhníonn an Rialtas go rachaidh sé i ngleic le comhlachtaí ionadaíocha de chuid fostaithe sa tseirbhís phoiblí i rith shaolré an Chomhaontaithe seo roimh chinneadh a dhéanamh maidir le haon struchtúr um chinneadh pá.

6. Socruithe maoirseachta agus rialachais

6.1. Mar a leagtar amach i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016, buailfidh grúpa ina mbeidh ionadaithe ó Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí agus Coiste na Seirbhíse Poiblí in ICTU de réir mar is gá le dul i ngleic le haon cheist a bhaineann le forfheidhmiú agus léirmhíniú, lena n-áirítear:

- dul i ngleic le haon aimhrialtachtaí a d'fhéadfadh eascairt as an gComhaontú seo;
- dul i ngleic le haon mhórdhíospóid a eascraíonn faoi alt 4;
- cinneadh deiridh a dhéanamh maidir lena gcinnfear díospóid de réir na nósanna imeachta arna leagan amach sa Chomhaontú;
- cinneadh a dhéanamh maidir le haon cheist a bhaineann le feidhmiú ceart na nósanna imeachta um réiteach díospóide lena n-áirítear ceist amlínte, comhoibriú le hathrú faoi dhíospóid, etc;
- cinneadh a dhéanamh maidir le feidhmiú ceart na nósanna imeachta sin in aon chás ina bhfuil an cheist faoi dhíospóid; agus
- breithniú a dhéanamh i gcás díospóide maidir le cloí le forálacha an chomhaontaithe seo a sheachfhoinsiú.